Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2020
(OR. en)

8627/20

DEVGEN 73
ACP 43
RELEX 421
FIN 342

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 5 Meitheamh 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8307/20 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cáilíocht sonraí sa Tacaíocht Bhuiséadach<br>- Conclúidí ón gComhairle (5 Meitheamh 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cáilíocht sonraí sa Tacaíocht Bhuiséadach, a formheasadh trí nós imeachta i scríbhinn an 5 Meitheamh 2020.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cáilíocht sonraí sa Tacaíocht Bhuiséadach**

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cáilíocht sonraí sa tacaíocht bhuiséadach.[1] Is é an tAontas Eorpach, trí bhuiséad an Aontais agus tríd an gCiste Eorpach Forbraíochta, an soláthraí is mó ar domhan den tacaíocht bhuiséadach, le rannaíocht iomlán 1.7 billiún euro ar an meán a théann chun tairbhe do 90 tír agus críoch gach bliain. Le linn na tréimhse 2014-2017, ba é 11.45% sciar na tacaíochta buiséadaí de ghealltanais Chúnamh Oifigiúil Forbartha (ODA) institiúidí an Aontais.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas láidir an Aontais i ndáil le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDGanna), Chlár Gníomhaíochta Addis Ababa maidir le Maoiniú don Fhorbairt agus i ndáil le prionsabail éifeachtúlacht na forbartha. Aithníonn an Chomhairle gur módúlacht chabhrach torthaí-bhunaithe í an tacaíocht bhuiséadach, ar féidir í a úsáid chun an chomhpháirtíocht, an t-idirphlé polaitiúil agus beartais, úinéireacht na dtíortha agus an chuntasacht fhrithpháirteach a neartú agus chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta sna príomhearnálacha trí ghníomhaíocht chomhordaithe chomhtháite.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur féidir le tráinsí athraitheacha de thacaíocht bhuiséadach, bunaithe ar tháscairí feidhmíochta a chomhaontaítear go comhpháirteach, a bheith ina ndreasachtaí do thíortha comhpháirtíochta chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht maidir le hathchóirithe beartais a chur chun feidhme ach aithníonn sí freisin a thábhachtaí atá sé intuarthacht leordhóthanach maoinithe a áirithiú trí thráinsí sheasta. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá cothromaíocht iomchuí i ndáil leis an méid sin. Tugann an Chomhairle dá haire gur le tráinsí athraitheacha a bhain 44 % d'íocaíochtaí an Choimisiúin do chonarthaí tacaíochta buiséadaí.

[1] SR19_25/SR_Budget_support_data

4. Is díol sásaimh don Chomhairle torthaí na tuarascála ón gCúirt Iniúchóirí, agus an freagra mionsonraithe ón gCoimisiún. Tá an Chomhairle sásta gur measadh go raibh na táscairí a úsáideadh chun tacaíocht bhuiséadach a eisíoc comhchuí le straitéisí earnála na dtíortha comhpháirtíochta agus gur cuireadh an éifeacht dreasachta a bhí beartaithe ar fáil leo go hiondúil. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte gur lagaíodh ábharthacht tháscairí na dtráinsí athraitheacha mar gheall ar a ndearadh agus go raibh éagsúlacht ann i gcáilíocht fhíorú an Choimisiúin ar chomhlíonadh na dtáscairí agus go ndearnadh roinnt íocaíochtaí de bharr sin nach raibh mínithe go leordhóthanach.

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá na moltaí ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint dá chuid iarrachtaí feabhas a chur ar dhearadh, ar fhaireachán agus ar mheastóireacht na n-oibríochtaí maidir le tacaíocht bhuiséadach. Iarrann sí, go háirithe, ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Úsáid agus cáilíocht na dtáscairí toraidh sna tráinsí athraitheacha a mhéadú, agus an plé maidir le táscairí le tíortha comhpháirtíochta agus deontóirí tacaíochta buiséadaí eile á gcur san áireamh, chun torthaí níos fadtéarmaí a thomhas níos fearr, agus ag an am céanna faireachán á dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, faoi chuimsiú phleananna forbartha náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta;

- Socruithe rialaithe cáilíochta a fheabhsú chun feabhas a chur ar fhoirmliú táscairí a chomhaontaítear go comhpháirteach, i.e. a áirithiú go bhfuil na táscairí sonrach agus intomhaiste ó bhunlíne iontaofa;

- Éifeacht dreasachta na dtráinsí athraitheacha a choimirciú chun tacú le dul chun cinn fóinteach agus leibhéil níos airde uaillmhéine, agus le cuntasacht i dtíortha comhpháirtíochta a fheabhsú, i.e. luachanna bunlíne a nuashonrú agus a cheartú nuair is gá, agus a áirithiú nach mbainfear spriocanna amach go heisiach trí chúnamh teicniúil arna chistiú ag an Aontas;

- An próiseas eisíocaíochta do thráinsí athraitheacha a shimpliú, i.e. líon na dtáscairí a laghdú agus gan fotháscairí a úsáid, i gcomhréir leis na treoirlínte um thacaíocht bhuiséadach, agus díriú ag an am céanna ar phríomhchuspóirí beartais na gconarthaí um thacaíocht bhuiséadach a bhaint amach;

- Feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe ar chórais staidrimh tíortha agus ar a gcumas sonraí iontaofa feidhmíochta a úsáidtear i dtráinsí athraitheacha a sholáthar, agus a áirithiú go n-áireofar sa mheasúnú conclúid fhollasach sula dtarraingeofar suas conarthaí. Ba cheart forbairt acmhainneachta a bheith ag gabháil le tacaíocht bhuiséadach má tá údar maith leis an méid sin dar leis an measúnú.

- Feabhas a chur ar fhíorú na sonraí feidhmíochta a úsáidtear chun tráinsí athraitheacha a eisíoc agus teacht ar chomhaontú maidir leis na modhanna fíoraithe leis an gcomhpháirtí roimh ré.

6. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an Coimisiún tiomanta do na moltaí uile ón gCúirt Iniúchóirí a chur chun feidhme, laistigh den tréimhse ama atá beartaithe, i.e. faoi dheireadh 2021. Molann an Chomhairle don Choimisiún tuairisc a thabhairt don Chomhairle laistigh de bhliain maidir leis na céimeanna a rinneadh chun na críche sin agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú sna cláir um thacaíocht bhuiséadach a bheidh ann amach anseo.

7. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige comhchoiteann san Aontas atá dírithe ar thorthaí comhchuibhithe a thuairisciú ar leibhéal na tíre comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí chreataí torthaí na tíre comhpháirtíochta más ann dóibh. Molann sí don Choimisiún úsáid creataí torthaí comhpháirteacha a chur chun cinn a thuilleadh agus dul i mbun oibre le Ballstáit chun feabhas a chur ar chomhchuibhiú agus ailíniú le beartais agus le straitéisí tíre comhpháirtíochta, go háirithe chun torthaí forbartha a thomhas ar leibhéal na tíre.

8. Molann an Chomhairle an Coimisiún as a thuarascálacha bliantúla faisnéiseacha maidir le tacaíocht bhuiséadach, lena dtugtar léargas iontaofa foriomlán ar úsáid na hionstraime in aon bhliain ar leith. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun trédhearcacht na hionstraime a mhéadú trí fhaisnéis bhreise a chur ar fáil maidir le feidhmíocht tráinsí athraitheacha agus treochtaí feidhmíochta ilbhliantúla, de réir mar is iomchuí. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún tíortha comhpháirtíochta a spreagadh a thuilleadh chun sonraí feidhmíochta ilbhliantúla a chomhroinnt sna hearnálacha ábhartha a fhaigheann tacaíocht trí chláir tacaíochta buiséadaí.

9. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé gné forbartha acmhainneachta a áireamh in oibríochtaí tacaíochta buiséadaí, nuair is gá. Tá an Chomhairle den tuairim gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun acmhainneacht staidrimh agus córais faireacháin na dtíortha atá i mbéal forbartha a thógáil agus chun rannchuidiú le hinfhaighteacht sonraí ardcháilíochta, tráthúla agus iontaofa maidir le dul chun cinn forbartha a mhéadú.

10. Molann an Chomhairle don Choimisiún a thaighde ar tháscairí toraidh a dhoimhniú.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Choimisiún, don Ardionadaí agus do na Ballstáit leanúint d'fheabhas suntasach a chur ar bhailiú agus úsáid chórasach sonraí imdhealaithe i ndáil le hinscne agus aois agus táscairí atá íogair ó thaobh inscne de chun sainaithint, pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar gach próiseas i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne.